agus bhí rian na fearthanna anuas ar na ballaí annseo 's annsiud. Bhí sé chomh h-uaigneach leis an roilig san bhóthar bheag sin thuas ar mhallaigh an tsléibhe, acht ba leig liom sgaramhaint leis an bhean aosta aonraic seo, óir b'fhada, b'fhéidir, go mbéadh faill agam theacht uirthí arís. Agus ó bhí fonn uirthí chun an cheoil shuidh mé liom ag breacadh 's ag éisteacht.

Ní rabh file d'fhilidhthibh Óighiall nach rabh seodaí d'á chuid aici. Ba léar damh im'inntin Art Mac Cobhthaigh agus Ainnir-na-maoth-chraobh-meor ag cur síos ar ghéar-leamhaint na nGaedheal, imeasc na gclach-thompal cois Chill an Chreagáin le bándh an lae. An file ag déanamh mairgnigh fán áthru mór ó ruaigeadh sliocht Néill Fhrasaigh agus ó díbrigtheadh na daoine "a chuireadh éideadh fán Nodlaig ar na h-ollaimh 'bhíodh ag géilleadh dóibh." An ainnir ag tafaingt air teacht léithe as an ghalltacht:

"Eirigh go tapaigh agus astruigh liom siar sa ród,
Go tír dheas na ngealladh nach bhfuair galla 'nn cead-
réim go fóill—
'S gheobhair aobhneas ar hallaí do mo mhealladh-sa le
siansa ceoil."

Agus an leig a bhí ar an fhile imtheacht as a thír dhúthchais:

"Tabhair léagsa agus geallamh damh . . .

Má éagam fán tSionnainn, i gcrích Mhanann nó san
Éighpte mhóir,
Gur ag Gaedhil cumhra an Chreagáin 'seadh leagfar mé
i gcré faoi fhód."

Agus chonnaic mé le m'inntin sgafairí Oméith ag imirt leo "'s an balla ins na béinní i n-áirde"—agus í ag ghabhail de cheol "Réamonn na Ranntaí":

"Bhí sé feara déag ann
De sgafairí Oméith
'Siad ag iomail ar Léanaidh 'n Bhábhduín;
Ó mhullaigh 'n mheadhon-lae
Go dtí tuitim dubh na gréine
Char chuir siad ar aon taobh díobhtha báire."

Acht línigh sí a mhalairt de phictiúr damh nuair a ghabh sí de'n mhairgne ar Shéamus Ua Mhurchaidh—"an caoin-mharcach uasal"—agus na Gaill 'ghá thabhairt faoi cheangail na gcúig gcaol chun a chrochta.

Agus mhothuigh mé an céasadh a d'fhulaing na Gaedhil ar fheiceál a dteangaidh ag dul fa dhí-mheas nuair a d'aithris sí aisling Airt Mhic Chobhthaigh cois Beinn Éadair:

"Tá mo chroidhe-se réabtha 'na mhíltí céad-chuid
'S gan balsam éigin ní fóir dom phein,
Nuair a chluinim an Ghaedhilig uilig d'á treigbheail
Agus caismirt Béarla i mbéal gach aoin."

Ríomhaigh sí damh fa'n Dall Mac Cuarta agus an "Bódhrán" Ó Néill; Ó Doirnín agus Mac Gioll Fhionndáin. Ghabh sí "Seachrán Chairn tSiadhail" agus "Patrún Cill Shléibhe" agus d'aithris sí eachtra na gCailleach a chuaidh síos cois trágha ag cruinniú pota chnuasaigh.

Ar philleadh a bhaile damh bhí mé ag cur an dá thabhairt suas agus oideachas i gcompráid le chéile—é seo ag an tsean-bhean agus é siúd ag nighlean na gnúise daithite a chuir an t-aineolas i n-a leith.

An Samhradh seo thart agus mé san cheanntar thug mé ath-chuairt ar mo shean-charaid. Bhí glas ar shlabhradh ar an doras. Bhí an toigh folamh; ní rabh le feiceál astoigh achit na ballaí loma agus smál na fearthainne anuas ortha.

"Tá sí faoi fhód le ráithe"—comhursanach a sgáirt chugam ó'n chéad toigh eile.

Níor fhléadas níos mó ná "Amen" a rádh do'n ghuidhe a chuir an comhursanach le anam mo sheanchuidhe.

Beithí

Gléifí aís agairn anseo ar scéal a chum Fearbhar Ó Dubhá agus a cuireadh i gcló don chéad uair sa chnuasach "Cáith agus Grán". Bainneann an scéal go dtí le ceantair s'againne mar tá sé suite i stráidbhaile ar Mheith. ("Cáith agus Grán", Ollig an tSoláthair, 1929).

Labhair Gaeilge Gach Lá in Iúr Chinn Trá

Cearthaigh d'ainm féin
Correct your own name - use deed-poll



Cuairt Craigavon ar an lár, 1927.

Tabhair ainm gaelach do do pháiste
Give your child an Irish name



PHOTO COURTESY OF MR. C.CASEY




PHOTO COURTESY OF MR. C.CASEY



1993

THE END OF SPLENDID ISOLATION ?

D'fhreastail mé ar Dáil Mhór Chomhaltas Uladh i nDún Geannain i mbliana agus, le fírinne, díomachroíoch a bhí mé ag pilleadh abhaile domh. Ní raibh i láthair ach dhá dosaen de theachtaí - baicle dhílis acu ó cheantar an Iúir féin : Tomás Mac Árdghail, Seoirse Ó Dufaigh, Tomás Ó Lonargáin, Seán Cúipéar, Éamonn Ó Mathúna agus mé féin. Coiste Gnóithe an Chomhaltais a cheap na rúin ar fad a bhí ar Chlár na Dála agus bhain na rúin uilig nach mór le cúrsaí airgid. Drochchlaonadh in eagraíocht ar bith.

Mar a d'admhaigh Rúnaí an Chomhaltais féin, agus le bheith realaíoch, i slíte áirithe tá an Comhaltas in ísle brí. Nílímíd tarraingteach mar eagraíocht. Gidh go bhfuil fealsúnacht fhiúntach againn nílímíd ábalta daoine óga díograiseacha a mhealladh inár dtreo. Is fánach an áit chomh maith ina bhfuil bean inár gcomhlúadar. Nílímíd éifeachtach mar eagraíocht ach oiread. Is beag Craobh atá ag feidhmiú ar a dícheall, cuir i gcás. Annamh a bhíonn iomrá orainn sna meáin cumarsáide. Creideann a lán dálaí scoile gur grúpa a bhain leis an 19ú aois amháin é an Gaelic League. Leoga, béidh céad bliain sáraithe ag Conradh na Gaeilge i gceann trí bliana agus cheana féin tá tuairimtheoirí ag caint fa' cé bheas mar Uachtarán ar an Conradh i 1993. Is mór an onóir don té a cheapfar, ar ndóigh. Tá muid ar fad ag tnúth lenár mbreithlá gan amhras, díreach mar a bhí clubanna de chuid Chumann Lúthchleas Gael i 1984. Murab ionann is C.L.G., áfach, tá Conradh na Gaeilge réabtha le déighiltí agus tá mé ag déanamh nach dóchasach atá na gnáthbhaill go bhfuil sé ar intinn ag aon taobh rapprochement a thabhairt chun éifeachta.

Ní ag fáil lochta ar éinne atáim nuair a deirim go bhfuil rudaí ag imeacht le srúth le bliantaí aniar. Is follas do chách nach raibh, agus nach bhfuil, ach ceangal cairdis leochaileach idir Ard-Oifig an Chonartha agus an eagraíocht ó thuaidh. Tá daoine sásta go leor leis an status quo atá anois againn. Is fearr ciúnas, ná imreas eadrainn, de réir cosúlachta. Ach an bhfuil a leithéid de phatuaire slaintiúil ? An cóir Conradh na Gaeilge a bheith scoilte chomh suntasach sin idir na deich gcontaetha de chuid Chomhaltas Uladh agus na fiche is a dó chontaetha atá faoi dhlinse 6 Sráid Fhearchair ? "Eiriceacht !" a chluinim ó dhaoine áirithe. Ach i gcead de na daoine sin níl baill an Chonartha a tháinig isteach san eagraíocht le deich mbliana anuas faoi laincis ag cúrsaí stáire. Is rí-chuma leo fa' pearsana a thit amach le chéile fiche, tríocha nó níos mó bliain ó shin. Tá siad beag beannfosta ar an "cúigeachas" - sa tuiscint is teoranta don bhfocal sin. Ní folair go bhfuil siad


mórtasach as a gceantair fein, ach níl púicíní orthu. Tá súil agam nach mbainfear ciall chontráilte as mo chuid foclaí. Is maith ann é Comhaltas Uladh agus Dáil na Mumhan ach oiread leis siúd, agus tá mé fein go mór i bhfách le dlárú cumhachta in achan ghné de chúrsaí riaracháin. Ach thiocfadh le coimhneas i bhfad níos dlúithe agus níos cairdiúla a bheith ann idir rannta éagsúla an Chonartha.

Cén ról mar sin a bhéas ag na hUltaigh sna himeachtaí ceiliúrtha i 1993 ? An ndéanfar leithcheal orainn ? Nó an amhlaidh go mbéidh muidinne ag fanacht, d'aon oghaim, ar an imeall ? Maith an scéalaí an aimsir. Idir an dá ama, creidim gur ceart athaontas a chothú san eagraíocht. Tá dualgas ar na ceannairí atá againn san Ardchathair, i mBéal Feirste agus i gcathair Chorcaí féachaint chuige go mbéidh mór-ócaid ag Gaeil na hÉireann i 1993. Is mithid a bheith ag smaointiú ar comóradh an chéid anois agus pleananna a dheilbhiú dá réir.



Comet Delivery Service

PHONE 61287



- ★ COLLECTION
- ★ DELIVERIES
- ★ REMOVALS

Comet Delivery Service

67 BRIDGE STREET, NEWRY



SPONSORSHIP ACKNOWLEDGED IN SUPPORT
OF MAGAZINE FROM
CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL :


COISTE CHONTAE AN DÚIN.
COISTE DHEISCEART AN DÚIN.
CUMANN SHEÁN MHISTÉIL, AN tIÚR.
CUMANN PEADAR NAOFÁ, AN POINTE.
CUMANN NAOMH MHUIRE, BOIREANN.

THERE IS A ROLE FOR EVERYONE IN
CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL.

BENNETT'S SRAID HILL


Ceannaigh
bronntanais
na Nollag

ANSÉD




TYRONE CRYSTAL
BELLEEK PARIAN CHINA
ROYAL TARA CHINA
& EXQUISITE
RANGE OF IRISH JEWELLERY
VISIT OUR FRIENDLY STORE.

Gaelearraí
lontaofa



Pictiúir a thug G. Beattie dúinn.





Bóithrin na Smaointe

Old Barracks resident looks back



Má tá droch-iomha ar áiteacha ar leith fán Iúr inniu is iad na háiteacha siúd, tá mé ag déanamh, Doire Beag agus Paire Radharc an Mhoirn. De dheasca neamart na n-údaras nach bhfuil inleithscéil atá na héastait áirithe seo san ainriocht ina bhfuil siad faoi láthair - tithe folmha/scriosta/leagtha; manaí péintáilte ar na bhallaí; crot míthaitneamhach go ginearálta orthu dís. Cuirtear na daoine is boichte san Iúr chun cónaí sna geiteanna seo. Ligtear dóibh bheith beo gan na seirbhísí atá riachtanach i sochaí ár linne. Ar feadh na mblianta bhí na soilsí sráide múchta sna héastait seo; níor tháinig fear scuaibe ón Comhairle leis na sráideanna a choinneáil glan; níor cuireadh brat péinte ar bhallaí na dtithe fiú. Rinneadh, agus déantar go sea, fáillí iontata ar na héastait agus ní cúis iontais go bhfuil cuma ghránna orthu agus go bhfuil siad i mbéal an phobail mar limistéir achrainn. Mar dídean deiridh go hiondúil a nglacann daoine tithe sna héastait - b'fhearr leo teach a bheith acu áit inteacht eile ar fad.

ELLIOTT
TRAINOR
& CO.
SOLICITORS



9 SRÁID MHUINEACHÁIN
IÚR CHINN
TRÁ


Ach ní hionann seo uile is a rá, ar ndóigh, nach bhfuil daoine macánta smaointeacha lonnaithe sna héastait. Le gairid chuaigh mé chuig Páirc Radharc an Mhoirn d'fhonn agallamh a chur ar an tionónta is sine sa cheantar, mar atá, John Casey. Bhí neart le rá aige faoi laethanta a óige sna "beairicí" mar a ghlaotar ar an áit go coitianta. Níor chuir sé fiacal ann ach an oiread nuair a thrácht sé ar an leithcheal atá á dhéanamh ag na húdaráis ar na "beairicí" le blianta fada aniar.

Most people over thirty years of age in Newry are more familiar with the local housing estate Mourneview Park by its former names 'Linenhall Square' or 'the Barracks'. The estate has changed greatly over the years and has had its share of controversy. In the following interview we chatted with Mr. John Casey, at 81, the most senior citizen currently residing in the estate. John has a long association with the area, an association which stretches back to the time when the British military were still stationed there. But first, an outline of the origins of the Linenhall/Barracks will be appropriate.

The 'Ulster White Linen Hall' as it was called, was first opened in 1783. The cost to its builders was £14,000. The linen hall was designed by Samuel Proule, an architect of Holtes Street, Dublin and in the original plan there were to be 320 rooms in the building, the intention of the owners being an ambitious one. They aspired to direct the export of Ulster linen through the port of Newry but their plans were frustrated when the White Linen Hall of Belfast assumed this function. The Ulster White Linen Hall was, therefore, sold off to the government at a fraction of its original cost. The buildings were readily converted into accommodation for the military. In Thomas Bradshaw's 'General Directory of Newry, 1820', we get a succinct account of the early years of the Barracks :


'The present barrack was built by a company of gentlemen, originally for a white linen-hall. The design not having succeeded, the concern was sold to government for about one third of what it had cost. The buildings are remarkably well adapted to the uses to which they are at present applied. It is thought that they could not have been better planned, even if they had at first been designed for a military purpose. Their proximity to the canal is a great advantage. They are equal to the accommodation of 1144 men. There is, however, a separate barrack for the officers in the street called Corry Place.'

NEWRY MILITARY BARRACKS c1900



MILITARY BARRACKS, NEWRY. 3072. V.L.L.

PLAN OF MILITARY BARRACKS.



INTERVIEW

John, tell me something of your early life.

I was born in Meerut, India, on March 3rd 1909. My father was in the British Army and all my brothers and sisters were "army born". Charles was born in S. Africa; Eric, like myself, in India; Shiela in Burma and Polly in Victoria Barracks, Belfast.

So you're very much an army family. Is that how you came to live in the Barracks?

Yes. My father was a soldier for 33 years in the Royal Irish Rifles. Eric joined the Irish Fusiliers, I enlisted in the Royal Iniskillings while my brother Charles was in the Rifles. After years in the British Army Charles moved to America and ended up as a Lieutenant-Colonel in the U.S. Airforce.

Did you see action while in the army?

I was based as an Instructor in an Infantry Training Centre during the War. We took in the lads as raw recruits and passed them out fully trained after six weeks. Apart from the War, army life wasn't for me. I did, though, end up as a sergeant. I didn't see action.

How did the Caseys first become associated with the Barracks?

Having previously lived in 14 Erskine Place, we moved to the Barracks in 1922-23. My father was caretaker of the Barracks when the military pulled out. The last soldiers I recall stationed here were the West Kents. My own father served in here - that's where he met my mother. When my father died in 1928, I took over his job as caretaker and by this stage the Barracks had already been sold to the Urban Council. But I can remember well over 800 men being stationed here. There were eight blocks in all - four for the ranks, then accommodation for the Colour Sergeants and then two blocks with attractive facades for the Officers. Mc Kenna from Armagh got the contract to rennovate the blocks into houses. The outer shape of the blocks remained the same though.

What about your younger days in Newry and in the Barracks in particular?

My happiest days were spent in the old Barracks. There were two handball alleys here. My present house is on the site of the Officers' handball alley. I was a fairly accomplished player myself, if I may say so. I reached the Ulster Junior Handball Final....Name anything in the shape of gambling and we had it here. Card schools went on under lamplights to four and five in the morning.... I attended the Christian Brothers' School. Anything I know the Brothers taught me. Bro. Tuoy instructed me in French and I can mind my Irish still. Osclaigi na leabhair agus dun an doras mas e do thoil e. There were two Sands boys in my class, from down Omeath direction. They had great Irish.... A jam-jar would get you into the Canal Street Cinema (later McLean's garage). Even in more recent times we had a bigger selection of bars about here. Canal Street had Dunster's, McLoughlin's used to be Holmes' while the

Yank's was Sullivan's.....During holidays I used to get on a boat at the first lock and take it to outside Portadown. Another barge would take me home. When the Bosco moved to this area I had no dealings with it myself, even though I ran a soccer team. The Bosco celebrates its Golden Jubilee this year you know. It originally had a boxing club on the upper floor. The bottom floor had been a blanket and gun store and wasn't used in the early days of the Bosco.



How would you counter some people's less than favourable attitude to the Barracks and its residents?



I'll put it simply. The only thing ever wrong with the Barracks' people was their poverty. Our people never really got a chance. I never found out how the Council chose the original tenants for the Barracks but they hail from some long established Newry families. The people were always kindly. We would work - if we got jobs. There was a mill not far from here and it employed mostly men. I don't remember any from the Barracks ever getting a start in it though. It wasn't so bad for the women. Chivers' factory (the "jam factory") beside us, when it was going in a big way, had three shifts with about 40 women and 12 men per shift. I was a foreman in it myself. Chivers made a potato product. The work wasn't easy. Tons of potatoes had to be peeled, cooked, mashed and then dried through steam-operated towers. My own wife worked in one of the Newry mills where she attended three frames..... I can't account for people's attitudes to this area. It has been socially deprived and much maligned..... The Barracks never produced any famous sons or daughters but we're proud of Down G.A.A. star Tony Hadden who came from the Barracks.

When the Barracks were levelled and replaced by houses, did the area lose any of its character?

It did surely. But it had lost character before that. With the building of Dromalane we saw an exodus from the Barracks. The Henrys and the Greens were among those who went at that time. The same happened when Derrybeg was built. The Loys went (they had resided in the old hospital of the Barracks); the Blairs, the Morgans, the Grants had all left. Of the old Barrack's families not many remain here. Mrs. Clarke (nee Hamill) is still here, as are the McCabes.

You describe yourself as belonging to an army family. What's your view of the army today?

When I say I'm of an army family it's nothing to be proud of in view of some of the things I've seen happening about me. It makes me wonder. Discipline has gone. In my day and in my father's day we were trained as "ambassadors" but that doesn't hold now. To a certain extent I sympathise with the




**STAR
KITCHENS**

**UNIT 3
GREENBANK BUSINESS CENTRE**

PRAGUASANNA RÉASÚNTA

British soldier in Ireland - he has to go where he's told. But they've brought a lot of trouble on themselves by their ill-treatment of civilians. I cannot understand why they must abuse women and children. When I read of our priests like Fr. Faul getting harassed I become very annoyed. Abuse of power of this nature should be punished immediately - regreably it isn't.

The Barracks has changed over the years; the army has changed; Mr. John Casey over four score years has witnessed it all. Happily, in May 1989, a function was held in the Newry Foresters' Club for all the surviving former and present residents of the Barracks. Tickets were at a premium, such was the demand. Much of the old spirit was manifest that night - the wit, the talent, the former sense of community. The Club was packed with Caseys, Grants, McKeowns, Greens, Morgans, Blairs, Rodgers', Jones', Campbells, Grattans and others. Fortunately, Mickey Mallon from Kiln Street video-taped the whole function and a copy of the tape is worth seeing by anyone ever associated with the Barracks.



DID YOU KNOW

That in the early 1870's the father of the Irish patriot, Liam Mellows, was stationed in Linenhall Barracks ?

RESIDENTS IN LINENHALL SQUARE

1935

Linenhall Square

- 1 Thomas McGrath
- 1 John Martin
- 2 Owen McAteer
- 3 Henry Co'clough
- 4 Samuel Henry
- 5 Andrew Storey
- 6 Thomas Smith
- 6 James Treanor
- 7 Thomas Jones
- 8 Francis Craven
- 9 Margaret Casey
- 10 Michael Teggart
- 10 Frederick Courtney
- 11 Owen McKeown
- 11 Michael Doran
- 12 Henry McGrath
- 13 John Fegan
- 14 James Treanor
- 15 John Toner
- 16 Alice Burns
- 17 John Treanor
- 17 Brigid Carrollan
- 18 Patrick McElroy
- 19 Albert McCrum
- 20 Terence Quinn
- 21 John Slane
- 22 James Kelly
- 23 Edward McCourt
- 24 Michael Kelly
- 25 Patrick Patterson
- 26 William Fitzpatrick
- 27 James McAteer
- 28 John McKevitt
- 29 John Stokes
- 30 Thomas Curran
- 31 Robert Stewart
- 32 Francis Fox
- 33 Alfred Fulton
- 33 John Moran
- 34 Michael Mynes
- 34 Margaret McGrath
- 35 Bernard McCann
- 35 John McAteer
- 36 James Burns
- 36 Gerald Lundy
- 37 John McParland
- 37 Christopher Loy
- 38 Michael Magee
- 38 Bridget McGrath
- 39 Hugh Cushenan
- 40 William Langan
- 41 Joseph Hadden
- 42 Thomas Lambe
- 43 Catherine Crilly
- 44 James Fegan
- 45 Robert Loughran
- 46 Patrick McGeough
- 46 Maggie McCann
- 47 Joseph Larkin
- 47 Catherine McAleenan
- 48 Edward McParland
- 49 Francis Kelly
- 50 William Rogers
- 51 John Murphy
- 51 Ellen Toner
- 52 Patrick O'Brien
- 53 Joseph Rooney
- 54 Joseph Murphy
- 55 William Magennis
- 56 Patrick Kearney
- 57 Mortimer Madigan
- 58 James McGennitty
- 58 Michael Brady
- 59 James Ruddy
- 60 John McAllister
- 61 Charles Long
- 62 Francis Matthews
- 63 Patrick Kelly
- 64 Catherine Lynch
- 65 Michael Ryan
- 65 Thomas McIlroy
- 66 Patrick Ruddy
- 67 Joseph Morgan
- 68 John Hamill
- 69 Peter Rafferty
- 70 Michael Lunnie
- 70 Joseph Connolly
- 71 Robert Campbell
- 72 James Lundy
- 73 Nicholas Kearney
- 74 Thomas McDermott
- 75 John Almeida

1960

- 1 McGrath, Thomas
- 2 Woods, Peter
- 3 McCabe, Brenden
- 4 Fegan, James
- 5 Griffin, Laurence
- 6 Taylor, Robert
- 7 Craven, Mary
- 8 Bell, John
- 9 Casey, John
- 10 Treanor, James
- 11 McKeown, Owen
- 12 McCrum, Lucy
- 13 Fegan, Elizabeth
- 14 Quinn, Joseph M
- 15 Devlin, Francis C
- 16 Carolan, William J
- 17 Kelly, Peter
- 18 McElroy, Teresa
- 19 Grattan, Thomas
- 20 Robinson, James
- 21 Farrell, Patrick F
- 22 Kelly, Annie
- 23 Craven, Francis
- 24 Murphy, Hugh P.
- 25 Mallon, Patrick
- 26 Fitzparick, Elizabeth
- 27 Carlon, Rose E.
- 28 McKeown, James
- 29 McAllister, Mary
- 30 McAleenan, Gerald
- 31 Stuart, Robert
- 32 Ferguson, Robert
- 33 Madigan, Mortimer
- 34 Mynes, Michael
- 34a McParland, John
- 35 Woods, Patric k
- 36 McMahon, James
- 37 Kelly, Mary
- 38 Larkin, Joseph
- 39 McCourt, Edward
- 40 Langan, Elizabeth
- 41 Byrne, James
- 42 Lamb, Thomas
- 43 Clarke, Margaret
- 44 Magee, John M.
- 45 McAteer, Rose
- 46 Dodd, Joan M.
- 47 Finley, James
- 48 Rooney, Mary E.
- 49 Murphy, Joseph
- 50 Murphy, John
- 51 McCabe, Patrick J.
- 52 Rilley, William J.
- 53 Fegan, Mary
- 54 Hamill, Mary
- 55 McStay, John J.
- 56 Hadden, Anne J.
- 57 McKevitt, Thomas
- 58 Carroll, Mary
- 59 Ruddy, Michael
- 60 Crawley, Thomas
- 61 Long, Thomas
- 62 Wroe, Mary
- 63 Magee, Michael C .
- 64 McAteer, Thomas
- 65 Ryan, Michael
- 66 Loy, Christopher
- 67 Bagnall, Thomas
- 68 Hamill, John
- 69 McParland, Edward
- 70 Linnie, Catherine
- 71 Campbell, Josephine
- 72 O'Reilly, John L.
- 73 Kearney, Nicholas
- 74 Grant, Dominic

FILÍOCHT

TIONÓISC

Sínte, liathdhroimseach, broc marbh.
Trua agam dó.

I nduibheagán na hoíche
Buaileadh leoraí leis.

Tobannchríoch leis an tochailt,
Leis na turais abhaile béal maidine.

Ar fhaobhar an tsaoil ariamh -
Leagtha anois ar ghruaimhín an róid.

Leagan Béarla le G. Ní M.
(Craobh an Iúir)



KINDLY FOLK OF LINENHALL SQUARE.

In Linenhall Square, where I was born,
Few people walk with an empty pride;
But many have, by dear God's grace
A cheerful word and a friendly face.
Many a kind act is done unaware
By people who live in Linenhall Square.

In Linenhall Square there are few snobs,
For a host of men, they have no jobs;
And just how folk live in time of need
Is a dreadful story and sad, indeed.
And the ways of the world seem most unfair
To the hungry poor of Linenhall Square.

In Linenhall Square, by the open doors
The children gather by twos and fours;
And there's such a crowd I give my word
The like of their arguing was never heard.
But there's many a child who was born there
And grew up a credit to Linenhall Square.

The boys of the Square are good and true
And will more than compare with the well-to-do;
The girls are like blossoms they are so fair
And can rightfully hold their heads in the air.

JOE GUINANE (R.I.P.)

01

2011

...

DÁNTA

Ionchollú

Aillillíú, aillillíú, aillillíú.
Moladh duit agus móradh mar gur
Fhuaimnigh tú len ár linn agus
San urlabhra againne d'ainm féin.
Mar go lonnaíonn tú ar an
Saol seo i do bhriathar daonna,
Bíodh agus gur soleonta an earra
Í briathar.

Leathnaigh do láithreach ionainn agus
Spréigh í go fairsing i gcosmos
Ar mbrionglóidí agus ár smaointe.
Tóg seilbh ar ár gcaidearáil, tabhair
Ciall di agus críonnacht.

Ionas i gcaint agus i gcomhlúadar
Go bhfaighmid do spiorad a anáil.
Go n-aithnímid as an nua
San chine dhaonna is sinne
Do mhac Íosa Críost, do bhriathar
Dá ndearnadh feoil, agus fós
Do ghlóir. Anois agus i
Saol na saol.

Aibhistín Valkenburg, O.P.

DINEEN OFFICE SUPPLIES


Complete Range of
Office Equipment

- ★ Typewriters
- ★ Photocopiers
- ★ Fax Machines
- ★ Dictating Machines
- ★ Shredders
- ★ Cash Registers
- ★ Stationery

**SALES &
SERVICE**

Sraid Hill

Lur Chinn Tra



Going bi-lingual

"Newry Reporter" 26 D. Fomhaire '89

All Newry and Mourne District Council vehicles are going bi-lingual! This was decided at Monday night's meeting of the Finance and General Purposes Committee when members adopted a motion for the change in the names of Councillors P. J. Bradley and Emmett Haughian.


The decision, in line with the Council's bi-lingual policy will mean the names being displayed in English on one side and in Irish on the other.

Irish words

Ulster's first Irish language primary school outside Belfast has opened in Newry with seven pupils. It is temporarily housed in a private home after it was refused permission to occupy empty space in both a local state and Catholic school. 10/10/89

"Times Educational Supplement"

The old blocks at Linenball Square.





CAIRDE

aidhún
míoc


Seo é mo bheirín bréige,
Éamonn is ainm dó;
Is é mo chara dílis é,
Nach ormsa atá an ró?

Tá madadh agam fosta,
Cónaíonn seisean ins an cro;
Ach bíonn Éamonn agam i gcónaí,
D'oíche is de lá.

Is brea liom a bheith le Éamonn
Muid béirt ar ár saimhín só;
Bíonn spórt againn le chéile,
Bíonn spórt gan aon ágo.



Rainn
do
pháistí



Giolla na leisce.

Oibríonn seangán Domhnach is dálach
Mar níl aige an dara rogha;
Níl mé féin ar aon dul leis,
Is falsóir déanta mé.

Tugann mo mhamai amach domh
Nach ndéanaim faic sa teach;
Ní fhaighaim ach íde béil uaithi
Go bhfuil mé leisciúil amach is amach.

Ach níor mhaith liom a bheith mar sheangán,
Creidim go bhfuil sé amadánta;
Sásta atá mé le mo dhóigh féin
Mar liúdraman cruthanta.



Páistí óga ag
Naoinrá an Iúir



Rainn
nga
do
pháistí

Beatha an Scolaire.
 Ithim tósta te ar maidin
 Agus tósta te am lóin;
 Is grá liom tósta te don suipéar
 Agus in amannaí san iarmóin.

Is breá liom arán tíortha,
 Níl a dhath ar bith chomh blasta;
 Ag ithe tósta te i rith an lae
 Nach mise atá iontach sásta!


Art Mac Canna. Aois 13
 (dalta a chaith tréimhse i gColáiste
 Gaeilge ar Oileán Aráin)

COLÁISTE ARÁIN.
 BLACHLÁR.
 Greadóg: méara aráin tíortha
 gan im.
 Príomhchúrsa: arán rósta
 a la Ormo.
 Milseog: tósta agus subh air.

Bogann sé ar aghaidh sa dorchadas
 Rian a lapaí fágtha ina dhiaidh;
 Obair oíche is fearr a oireann dó,
 Cóta dubh air is liath.



an ghráinneog
 conlaíonn sí chuichi féin
 amhail blaosc chnó capaill
 sciath spící uimpi roimh namhaid
 osclaíonn sí go faireach
 a droim spíne
 rinneach réidh de shíor



Díoltas

D'fhoghlaim an frog go furasta
 An bang brollaigh nó tumadh isteach;
 Bhí orm dul chuig an linn snámha
 Cuairt ba ghráin liom, mo chrá 's mo chreach.

Bhí an frog beag cróga gan amhras,
 Níl ionam féin ach malrach meata -
 Ach nuair a bhí mé i bproinnteach i bPáras
 Bhí a chosa nite ar mo phláta!




PHOTO COURTESY OF MR. C.C. CASEY



SRÁID MHUINEACHÁIN



Copyright photo (2037) by Coen, Letterkenny & Moira.

Bás Sean O' Callaghan, 1989, (R.I.P.) an fear tacsai ón Sruthán, a spreag mé póirseáil fríd mo bhailiúchán de phictiúir de chuid Iúr Chinn Trá le fáil amach an raibh grianghraf ar bith agam de na seantacsaithe a bhíodh ar Shráid Mhuineacháin. Le barr áidh tháinig mé ar an pictiúr thuas. I scuaine a bhí taobh amuigh den Newry Milling Co. (ar dheis) chítear líne na dtacsai, agus na tiománaithe ag comhrá lena chéile, toíneanna le bhalla. Duine acu Frank McArdle agus fear eile Paddy Mackin. Chónaigh siad beirt ar an Sruthán mar aon le Patrick O'Reilly atá sa ghrianghraf fosta. Beirt eile a mba ghnách leo an turas a dhéanamh idir Iúr Chinn Trá agus an Sruthán ná Jack Mc Cullough agus George Crozier ó Alt na bhfiach. Ar chlé, agus taobh amuigh de shiopa Owen McNamee, tá bus de chuid Kidd's. Thaistil an bus seo idir Lios Liath agus an Sruthán agus oibrithe ar bord a bhí ag dul chuig muilean Richardson's ar an Sruthán.


Ar ndóigh, níl an Newry Milling Co. ann i gcónaí. Tá an phictiúrlann SAVOY ar an láthair anois ach nuair a dódh an Newry Milling Co. sna fichidí bhain W.V. Hogg úsáid as an chreatlach a fagadh ann fá choinne ceantanna. Níor mhair an gnó seo rófhada, ámh.

Is iomaí claochlú a tháinig ar Shráid Mhuineacháin le blianta beaga aniar. Ar shiúl ar fad tá: an British Legion; teach tabhairne Uí Mhúrchú; an nuachtánaí Leo Geoghegan; teach báicéireachta Mhic a'Lionndáin; Uachtarlann Ard Mhacha - an Dúin; siopa grosaera Michael J. Mc Govern; an

31-33 Monaghan Street, Newry



- ★ Tobacconist
- ★ Fancy Goods
- ★ Greeting Cards
- ★ Newsagent
- ★ Ice Cream



gruagaire Grant; Ewen's Stone Works; siopa éadaitheora Campbell Gray & Co.; an bearbóir Tommy Connell; an Teach Níocháin Láir. Imithe leis tá siopa glásraí Downeys'; siopa bróg McGuigan's; an ceimiceoir Rankin; Teach Dr. Rafferty; siopa búistéara Palmer's; ollmhargadh Powells'; Oifig a Phoist agus siopa bróg Mhic Aoidh; siopa Mhic Árdghail a dhíol rothair; agus na tithe báicéireachta Milanda agus Irwin's. Bhíodh siopa beag Laverys ann (gidh go bhfuil na Laverys ann ar fad ach gnó eile idir láimhe acu). Is cuimhin liom fresin "scrap-yard" ar an sráid-- áit ina bhfuil clós ag King's anois. Fiú comhlachtaí ar nós Haldane Shiells & Co. níl siad chomh fada sin ar Shráid Mhuineacháin mar bhí Westovers Wheelbarrow Factory ann rompu agus muilean línéadaigh Kerr's ann roimhe sin aríst.

Ach an siopa a ba mhó a chuaigh i gcion ormsa ná an bhialann ROXBORO. Seo í an áit ina raibh na sceallóga a ba bhlasta in Iúr Chinn Trá agus bhíodh na málaí lán go béal gan teip. Bhíodh táblaí sa bproinnteach áirithe seo nuair a bhí mise ag fás aníos ach ní chuimhin liom ach corr dhuine ina shuí ag ithe ansin. Seirbhís "iompair-amach" is mó a rinne Mrs. Hannraty, úinéir an ti. Chaith sí go fial leis na daoine a bhí ar an ngannchuid sa chomharsanacht agus fuair carachtair an bhaile luach a gcuid pingíní uaithi i dtólamh. Ba ghnách le (Whistling) Jamesy Kelly scilling mar íocaíocht a thabhairt do Mrs. Hannraty agus thugadh sí dhá réal arais mar bhriseadh dó.

Má tá Sráid Mhuineacháin athraithe as éadan 'sé an rud is suntasaí atá in easnamh ar an sráid ná Iarnród G.N.R.. Go mí-fhoighneach a d'fhan tiománaithe tacsáí dála Seán O'Callaghan ag na geaftaí a fhad is a bhí an traein go Rinn Mhic Giolla Rua ag gluaiseacht go malltriallach ar an trasnú comhréidhe. Mura bhfuil iomrá ar an mhoill áirithe seo anois, táthar ag gearán inniu faoi na hionaid seiceála atá de shíor ag na péas ar Shráid Mhuineacháin, "Ireland's most patrolled street" de réir tuairisce.



Foireann Oifig a' Phoist Iúr Chinn Trá c. 1937

PHOTOGRAPH COURTESY OF LILY MC CREESH



POST OFFICE STAFF, NEWRY c.1937.

BACK ROW : Mr. Mc Camley, John Mc Allister, Jack Lavery, Mr. Smith, Peter Doran, William Rodgers, Tom O'Rourke, John Pat Doran.

MIDDLE ROW : W. Lockheed, D. O'Hare, Myles Ellis, Pat Crilly, Ted Grimshaw, (Unknown), Mr. Hitchcock, J. Brady, J. Short. (J. Southwell at back)

FRONT ROW : L. Barry, Ms.Little, Ms. White, Mr. Neill (Head Postmaster), J. Mc Guigan, Nan Durnin, Ms. Ewing ?

ON GROUND : Robert Harding and Tommy Curran.
NAMES SUPPLIED BY MR. LIAM MC CORMICK

CLOOÍ AG RITH AR SON NA GAELIGE



Chuaigh ionadaithe ó Bhunscoil an Iúir chuig ócáid i mBéar Feirste tráth a pronnadh £150 orthu - airgead a bhailigí cimit poblachtachta i ndiaidh dóibh rás urraíochta a dhéanamh ar son na Gaeilge. I láthair ag an pronnadh bhí Nóra Ní Raghailt ó Naíonra an Iúir (atá ina seasamh in aice le Gerry Adams, T.P. sa ghrianghraf ar chlé), maraon le Teresa Carroll agus Ursula McAteer, beirt ó Bhunscoil an Iúir. Chnuasaigh na cimit míle go leith punt ar fad agus i measc leo siúd a ghlac páirt sa rás bhí Fearghas Mac Ardghail ón Iúir. Mhaigh an tUas. Adams go raibh níos mó déanta ar son na Gaeilge ag na dawine sa charcair ó thuaidh ná mar a bhí déanta ag Charles Haughey agus a rialtas. Bheadh sé doiligh tuairim seo Adams a bhréagnú.

SUPPORT THE
NEWRY
IRISH LANGUAGE
BUNSCOIL

THE ASHBOURNE SHIELD

STANDING : Rev. Sheridan, Rev. Conran, W.J. O' Riordan, P.J. Forde, Rev. Mc Namara, J. Doherty, Rev. Carbery, Rev. Mc Donald, Sean O Baoill.


SEATED : Rev. Murphy, Rev. Larry Murray, An Tiarna Ashbourne, Cardinal Mac Rory, Rev. T. Rafferty, Rev. Quinn, T.W Holden.



FIFTY YEARS AGO IN ARMAGH

Walsh's shoe shop as it once stood in Francis Street. Photo by Liam Blair.

Castle Shoe Shop



NAOMH MHUIRE C.L.G.

BOIREANN



Bain sult as béile agus deoch inár gclubtheach nua
Béilí ar fáil ag an deireadh seachtaine
Biachlár ar leith do pháistí

BIACHLÁR



ANRAITH AN LAE	£0.50
STÉIG CHAOLDROMA GHRÍOSCTHA	£4.50
SCEAIMPÍ FRIOCHTA	£3.00
SICÍN RÓSTA	£2.50
(sceallóga, muisiriúin agus tarsann ar an pláta)	

DINNÉAR, TURCAÍ AGUS LIAMHAS	£4.00
SAILÉAD, TURCAÍ AGUS LIAMHAS	£3.50
SAILÉAD, SICÍN AGUS LIAMHAS	£2.80

TAE NÓ CAIFE	£0.25
ARÁN AGUS IM	£0.25

Rogha leathan de ghlasraí agus de mhilseoga ar fáil

LE SUIOCHÁIN A CHUR IN ÁIRITHE CUIR SCAIRT AR 72 170 (AN POINTE)

One for the bookshelf

NEWRY Conradh na Gaeilge are to be congratulated on their annual bi-lingual magazine *Cuisle na nGael* which compares favourably with any publication of its kind anywhere in Ireland and is a credit to the amateur team who put it together.

This, the fifth edition of the town's Gaelic League magazine just released is most readable and is produced on good quality paper, a result of "cottage industry", I'm told.

As usual there is a variety of material in Irish and

English to satisfy the most critical purist and the magazine is a valuable reference for the Newry Gael at home or abroad.

Good quality photographs make it a very attractive addition to the family bookshelf and the frontpiece, a picture of Margaret Square (It looks like the turn of the century) sets off the tone of the magazine.

Articles range from a witty account of De Valera's arrest in the town in 1924 to a well-researched article on the short life of

the South Armagh novelist Donn Byrne.

It's a great fillip to Irish-Irelanders in the town that the local branch of Comhaltas Uladh succeeds in this costly venture year after year and it's especially heartening to see that Newry Council's Coiste na Gaeilge gave financial support.

The magazine is the work of local language enthusiasts but this year one of our regular Cabaireacht columnists Proinsias Mac an Bheatha and Dominican Fr. A. Valkenburg have

contributed interesting and well-structured essays.

Indeed the overall quality of the articles is very high and the magazine could hold its own with national Irish language journals which operate on a much higher budget and are produced by professionals.

Credit must be given to the sponsors, the editor and especially to those regular contributors whose work makes *Cuisle* a refreshing and inspiring read each year.

The Gaelic League, Newry Council and Newry Museum have collaborated


in producing this local history magazine and others could follow Newry's example. *Cuisle* is available at McAteer's Newsagency priced at a moderate £1.00.

I found the magazine full of interest whether you are a beginner in Irish or a fíor Gael.

With the emphasis on wide appeal — there are articles in English as well — it is a useful aid to learning the language and learning a bit of local history as well. For those who remember when real Gaelic

script was the order of the day you'll be pleased to see some of it in the magazine. No matter what your taste, creed or class you'll find something of interest in *Cuisle*.

DÚCHAS



PEADAR Ó RUAIRC

An tUltach, Feabra 1989

Máguaird

CUISLE NA nGAEL

Tá eagrán eile d'iris dhátheangach Chonradh na Gaeilge Iúr Cinn Trá ar fáil (uimhir a cúig, — an gcreidfeá é?) Mar is iondúil, tá an t-eagrán reatha lomlán d'ábhar soléite, inspéise, — ó "Tomás Ruiséal san Iúr" ina thús go "The Emerald Pimpernel" (.i. alt ar Éamon de Valera) i ndeireadh an leabhair. Is léir nach mbíonn easpa ar bith ábhair ag fear eagair an irisleabhair, bail ó Dhia air. Chím go bhfuil mac léinn 'A' — Leibhéal ag moladh, i litir chuig an eagarthóir, go leanfadh lucht eagair na hirise seo sampla *Cuisle na nGael* agus Béarla maille le Gaeilge a fhoilsiú: i gcead don duine óg sin, is é a déarfainn leis nach mbeimis dílis dár mbunaitheoir, an tAthair Lorcán Ó Muireadhaigh dá gcuirimis Béarla i gcló. Rud eile de, nach bhfuil tréan ábhar Béarla á chur ar fáil cheana féin? Tá *Cuisle na nGael* molta dá mbeadh an mac seo ina thost.

LÉIRCOHEASANNA REVIEWS

CUISLE NA nGAEL. The Journal of the Newry Branch of the Gaelic League. Lgh 79. £1.00.

Seo an dara uimhir den iris bhréa seo a tháinig mo bhealach trí chineáltas Séamus Mhic Dhaibhéid. Iris dhátheangach soléite atá ann agus í lán de colas nua. Tá borradh le sonrú sa Chonradh san Iúr. Maith go bhfuil an iris i lámha daoine nach bhfuil scáth orthu roimh lucht athscrúdaithe na staire. Treise leo!

Tá béim san uimhir seo ar Ghaeltacht Óméith, cuimhní cinn as sliochta le Peadar Ó Dubhda agus Donn Piatt, liosta focal a thugann spleáchadh ar an chanúnachas dúinn. Duine é Tomás Mac Árdghail nach bhfuil a shárú le fáil i dtobh stair na Gaeilge san Iúr agus maguaird. Clorann sé leabhar rolla Choláiste Bhríde Óméith 1912-27 agus cuireann in aithne dúinn muintir an Iúir a d'fhreastal ar ranganna san am sin.

Seo na haltanna suimíla eile san uimhir seo. 'Proinsias Mac Uinseannain: Gaelic League's first peripatetic teacher was employed by Newry branch'. Cruthaíonn Tomás Mac Árdghail gur bhain Seosamh Mac Grianna úsáid as *Legendary Stories of the Carlingford Lough District* le Michael George Crawford le aghaidh a scéil 'Clog an aithreachais' (bunaithe ar 'The Hidden Bell of Bronach'); ní rud nua comórtas dathúlachta, leithéid 'The Rose of Tralee' — nach raibh 'Newry's Linen Queen ann sna trócaid? Scéal brónach i gcónaí rud ar bith a bhaineas le gorta nó ganntanas agus dearcadh na n-údaras ar na bochta san aois seo chaite. Tá cur síos anseo ar 'The Newry Workhouse'. Deirtear ag bun an ailt. 'The memory of those who died so tragically is to be perpetuated by a bilingual plaque to be erected by Newry and Mourne District Council. This is appropriate as many of the paupers in the 1840s from South Armagh and from North Louth would have been Irish speakers.' Instear scéal béaloideas faoi Thomas Dunne, fear de chuid na fir Aontaithe as Ros Treabhair a dúnmaraidh ar Cherry Hill aimsear 1798.

The stubborn rebel cur
March him out on Cherry Hill
Look how the people refuse to stir
As they all obey his will.

Fear eile a chaith a shaol ag saothrú heart na hÉireann. John Philpot Curran, an dlíodóir agus óráidí clúiteach. Sheas sé don toghchán in Iúr Chinn Trá 1812. Luann an t-alt air anseo litir a bhí i gcló ar an *Dublin Evening Post*, 10 Deireadh Fómhair 1812:—

'The enthusiasm of the people was such as to take the horses from the Master of the Roll's carriage on Saturday evening, two miles out of the town, and about three thousand people drew him in. He made the finest speech I ever heard, for an hour and twenty minutes, amidst the greatest acclamations . . .'. Tá alt ag John McCavitt ar 'The Newry Massacres of 1641-2'. Seo ábhar a chuireann as do Phrotastúnaigh fóis. Cuir i gcsá dhá leabhar a bhfuil léirmheas agam orthu sa roinn seo — deir John W. Lockington ina leabhar *A History of the Mall Presbyterian Church*, 'tens of thousands of Protestants died amid scenes of horrible barbarity', agus deir Beatrice Elliott agus Jennifer Lundy ina leabhar *History of Kingsmills Presbyterian Church*, 'The Presbyterian ministers and people who were driven out of the country as a result of this Black Oath, escaped to a large extent, the Massacre of 1641, in which so many thousands of Protestant inhabitants perished'. Is mithid srúid gear a dhéanamh ar an cheist seo arís. Tá réimse M. Hickson agus Thomas Fitzpatrick thart. Tá alt maith, 'The 1641 Depositions' ag Aidan Clarke i *The Treasures of the Library, Trinity College, Dublin* agus tús maith déanta aige le haghaidh athscrúid na ceiste. Mas mall is mithid.

Tá na príomhaltanna luaithe agam ach tá filocht agus blúirí eile i *gCuisle na nGael*. An raibh fios agat gur scríobh Séamus Mac Conmara dán, go dtug Wolfe Tone cuairt ar an Iúr i Lúnasa 1792, go raibh Míchéál Cíosóg tráth ar shoireann teagaisc Choláiste Cholmáin, go raibh dán Gaeilge ar an *Frontier Sentinel* 9 Meitheamh 1928? Léigh leat!

REÁMONN Ó MUIRÍ

Cuisle an Iúir

gcuirfidís oile ar aicmí áirithe. Ach tháinig mé féin ar iris áitiúil tá gaird ó shin agus mé ar mo bhealach abhaile fríd Iúr Chinn Trá i dtreo Dhún Dealgan, iris a éiríonn léi argóint Uí Thuathaigh a bhreágnú. I siopa Mhic an tSaoir, Sráid an Droichid, a bhí teacht ar an iris.


"Cuisle na nGael," bliainín Chonradh na Gaeilge ar an Iúr, an foilseachán atá i m'intinn agam agus í lán le haistí spreagúla speisiúla. Tá béim san uimhir 1989 ar limistéar an Iúir, cinnte, ach ina theanta tá eagarfhocal

neamhbhalbh uirthi a ionsalonn go fíochmhar Aire Oideachais an Tuaiscirt, Brian Mawhinney, agus an feallghníomh faoi réir aige bás a thabhairt don Gaeilge sna scoileanna ó thuaidh. Tá gnéithe Eorpacha den iris chomh maith mar tá aiste ann ó Frank Patterson atá thall sa Bhrúiséal agus alt ó scríbhneoir gan ainm a chaith seal sa Chatalóin. Agus tá ábhar ó cheantar níos sia uainn go fóill óir cuireann A. Valkenburg síos go taitneamhach ar eachtra a tharla dó i Tehran. Ní scáfarach atá foireann na hirise seo ach oiread roimh buncheisteanna áirithe a chlórach a bhaineann leis an tír síos fríd, mar atá, Forlámhas na nGall agus an chinsireacht.

Ba chóir go dtuigfeadh an tUas. O Tuathaigh nach in aon chioth amháin a d'fhliuch na cumainn staire uilig agus más amhlaidh go bhfuil an Crúsachas go smíor ó dheas agus athléamh na staire faoi lán seoil ag lucht acadúla béallfhileata na Sé Chontae is Fíchead, tá guth neamhspleách le cluinistín i gcorr-áit ó thuaidh go fóill.

"IRISH NEWS" 26/1/89. M.OC.

BHí mé ag léamh ar "Comhar" na míosa seo (Eanáir 1989) agallamh a thug Gearóid Ó Tuathaigh, staraí agus léachtóir. De réir dealraimh, nó mó ná sasta atá an tUas. O Tuathaigh leis na cumainn staire áitiúla atá chomh flúirseach sin i gCúige Uladh sna laethanta seo agus sna Sé Chontae go speisialta. Má thuigim i gceart é, creideann an tUas. O Tuathaigh go bhfuil sé sách éasca ar na cumainn staire logánta ábhar neamhchospóideach a fhoilsiú. Ní toipic a mbeadh imreas faoi, cuir i gcsá, "comhlúadar fíodóirí as Deisceart an Duin a chuaigh ar imirce go Meiricea sa naoú haois déag," solaoic a thugann O Tuathaigh féin. Tá tuairim ag O Tuathaigh go bhfuil na heagraíochtaí áitiúla teoranta ina ndearcadh agus go bhfuil laimsleisceachtúla a gceangal. Níl siad in ann déileáil le ceisteanna thromchúiseacha náisiúnacha, dar leis. Seans go bhfuil an ceart ag an fear léannta ó Ollscoil na Gaillimhe agus b'fhéidir go bhfuil bunús na gcumann seo faidósach roimh a dtuiscint féin ar an fhírinn a nochtadh ar eaga go



Craobh an Iúir Comhaltas Uladh

Bráthair Beausang Uachtarán
Seán Mac Dhaibhéid Cathaoirleach
Tomás Mac Árdghail Fo-chathaoirleach
Fílis Bean Uí Dhupaigh Rúnai
Scoilse Ó Dupaigh Cisteoir
Seamus Mac Dhaibhéid O.C.P.
Róisín Bean Mhic Threinfhir Coiste Gnó
Gearóid Mac Uidhrín Coiste Gnó
Gearóid Ó Maolchalann Coiste Gnó
Gearóid Ó Páirce Coiste Gnó
Ursula Bean Mhic a tSaoir



Áine Nic Choncarráige
Eidí Ó hIc
Seán Ó Baoill
Pádraig Ó Maonaíle
Raghnaill Mac Fhearrchair
Scosamh Mac Conmhaoil
Aistín Ó Muireagáin
Diarmuid Ó Fionnagáin
Eithlín Bean Mhic Dhaibhéid
Goðnaiz Uí Dhaibhéid
Muireann Bean Uí Chorráin
Stiofán Ó Leannáin
Ciarán Ó Leannáin
Doirín de Búrca
Seamus O Mocháin
Daman Ó Coinn



THERE ARE SEVENTY SEVEN NEWRY ADULTS
LEARNING IRISH AT OUR CLASSES - JOIN THEM

CONRADH NA GAEILGE

FOILSEACHÁIN CHOMHALTAS ULADH

GNÍOMHARTHA NA nASPAL
DOCHARTACH DUIBHLIONNA

50p + p & p
£1.00 + p & p

(Saothar Sheosaimh Mhic Grianna — Cuid a haon
arna chur in eagar ag Anraí Mac Giolla Chomhaill)

AILT

£1.50 + p & p

(Saothar Sheosaimh Mhic Grianna — Cuid a dó
arna chur in eagar ag Nollaig Mac Congáil)

ABAIR AMHRÁN—

Focail 100 togha amhrán

50p + p & p

CÉAD DE CHEOLTA ULADH

£7.00 + p & p

(Enrí Ó Muireasa a chruinnigh agus a chuir in eagar — an
Br. T. F. Beausang a d'atheagraigh faoi Chomhaltas Uladh
1983)

MEASCRA ULADH II

£7.00 + p & p

(Cnuasach in onóir an Athar Lorcan Ó Muireadhaigh
arna chur in eagar ag Micheál Ó Mairtin)

Le fail o

“LEABHAIR”,
10 Riverdale Park North,
BÉAL FEIRSTE BT 11 9 DL